RABHADH

<u>NÍ MÓR</u> duit an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an Scrúdaithe: mura ndéantar sin caillfear marcanna.

Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇨

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 18 MEITHEAMH – MAIDIN 09.30 – 12.00

Don Fheitheoir amháin

Stampa an Ionaid

Treoracha Ginearálta

TÁ DHÁ ROINN SA SCRÚDPHÁIPÉAR SEO

Roinn a hAon: Ní mór **sé** cheist a fhreagairt.
Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.

Roinn a Dó: Ní mór **trí** cheist a fhreagairt.
Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.

Iomlán na Marcanna: 300 marc.

Níor chóir níos mó ná 45 nóiméad a chaitheamh ar Roinn a hAon.
Ba chóir 105 nóiméad a fhágáil do Roinn a Dó.

[THALL

LEATHANACH BÁN

Roinn a hAon (120 marc)

Treoracha

- Freagair **sé** cheist. Tá **20** marc ag gabháil le gach ceist.
- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.
- Bíodh do chuid freagraí gearr.
- Scríobh do scrúduimhir sa spás atá ann di ar leathanach 1.

Ceist 1.

Is léaráid de phuchán ae (*Fasciola hepatica*) atá anseo, orgánach a fhaightear san ae i roinnt ainmhithe feirme.

(a) Ainmnigh **dhá** ainmhí feirme inar féidir an puchán ae a fháil.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(b) Luaigh **dhá** chomhartha a bheadh ar ainmhí dá mbeadh an puchán ae tógtha aige.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(c) Conas is féidir cóir leighis a chur ar an ainmhí feirme ar an bpointe agus an puchán ae tógtha aige?

____

____

(20 marc)

[THALL

Ceist 2.

Taispeántar próifíl ithreach podsail sa léaráid. Ainmnigh na codanna P, Q, R, S. P: ______________________________ Q: ______________________________ R: ______________________________ S: ______________________________	

Déan cur síos ar ghníomhaíocht oiriúnach a bhainfeadh an cruachiseal iarainn as an bpodsal.

____

(20 marc)

Ceist 3.

Baintear leas as an bhfearas seo a leanas i staidéar gnáthóg.

A

B

(a) Ainmnigh an dá phíosa trealaimh a bhfuil na lipéid A agus B orthu.

A ____________________________________ B ____________________________________

(b) Cén fheidhm atá ag B i staidéar gnáthóige?

____

____

(c) Luaigh **dhá** thréith a chuidíonn le féar a shainaithint agus staidéar gnáthóige ar siúl.

(i) ____

(ii) ____

(20 marc)

Ceist 4.

Rinneadh tástáil ar cheithre shampla bainne chun an cháilíocht sláinteachais a mheas. Tá torthaí na tástála léirithe thíos.



1. Gorm **2**. Bándearg **3**.Bán **4**. Liathchorcra

(a) Ainmnigh ruaim cheimiceach a chuirtear le bainne chun a cháilíocht sláinteachais a thástáil.

____

(b) Céard is cúis le fabhtú bainne?

____

(c) Luaigh bealach **amháin** ar féidir fabhtú bainne sa bhleánlann a laghdú.

____

(d) Cé acu de na samplaí bainne thuas is ísle cáilíochta?

____

(20 marc)

Ceist 5.

Is easpa dúile áirithe san ithir nó i gcothú na n-ainmhithe is cúis le cuid mhaith de ghalair plandaí agus ainmhithe. Sa tábla thíos déan gach dúil faoi seach a chur leis an ngalar easpa arb é easpa na dúile sin is cúis leis. Tá an chéad cheann comhlánaithe mar eiseamláir.

1. Cailciam 2. ~~Bórón~~ 3. Iarann 4. Copar 5. Cóbalt 6. Maignéisiam

Galar Easpa	**Dúil**
Lobhadh croí i mbiatas siúcra	Bórón
Lúbthacht i gcaoirigh	
Anaemacht i muca	
Teiteanas féir in eallach	
Fiabhras bainne in eallach	
Galar trua i gcaoirigh	

(20 marc)

[THALL

Ceist 6.

Déantar anailísiú ar ithir chun a dheimhniú an bhfuil leasachán de dhíth chun barra a fhás. Bíonn roinnt imeachtaí éagsúla i gceist agus an ithir á sampláil agus á hainailísiú.

(a) Cén fáth a dtógtar na samplaí i bpatrún a bhfuil cruth W air?

____

(b) Liostaigh **dhá** chuid de pháirc nár cheart a chur san áireamh sa tsampláil.

(i) ____

(ii) ____

(c) Ainmnigh mianra **amháin** a dhéantar a thástáil sna samplaí ithreacha.

____

(d) Cad is brí leis an téarma *pH ithreach*?

____

(20 marc)

Ceist 7.

Is teicníc a úsáidtear i dtógáil muc an pórú cliathach.

(a) Luaigh **dhá** bhuntáiste leis an bpórú cliathach.

(i) ____

(ii) ____

(b) Cén fáth a gcaitear collaigh a athsholáthar gach dhá bhliain i bhfiontar den chinéal seo?

____

(c) Luaigh buntáiste **amháin** le haonad comhtháite táirgthe muc.

____

(d) Luaigh garmheáchan meánach bainbh nuabheirthe i gcileagraim.

____

(20 marc)

ROINN A DÓ (180 marc)

Treoracha

Scríobh do chuid freagraí ar Roinn a Dó i do fhreagarleabhar.

Freagair **trí** cheist ar bith. Tá **60** marc ag gabháil le gach ceist.

Ceist 8.

(a) (i) Ainmnigh **dhá** phór eallaigh a mbaintear úsáid astu sa déiríocht.
(ii) Básaíonn laonna go leor sa chéad seachtain dá saol. Liostaigh **dhá** chleachtas bainistíochta a chuireann rath ar an mbreith.
(iii) Luaigh bealach **amháin** ar féidir le feirmeoir a chinntiú go mbainfidh bó amach an t-uasphointe táirgeachta bainne.

(b) Cuirtear laonna ar féarach sa chóras ceannaire-leanúnaí go minic.
(i) Céard é an córas féaraigh ceannaire-leanúnaí?
(ii) Tabhair **dhá** chúis a gcuirtear laonna ar féarach ar an mbealach sin.
(iii) Cuirtear eallach faoi dhíon le haghaidh an gheimhridh i mí na Samhna. Céard é spriocmheáchan na laonna a bheirtear san earrach agus atá á gcur faoi dhíon sa chéad gheimhreadh?
(iv) Céard iad na bearta is féidir le feirmeoir a ghlacadh lena chinntiú go ndéanfaidh laonna, atá faoin meáchan, méadú meáchain feabhsaithe faoi dhíon?

(c) (i) Céard is maistíteas ann?
(ii) Luaigh comhartha **amháin** den mhaistíteas.
(iii) Déan cur síos ar **dhá** bhealach chun maistíteas a sheachaint in eallach déiríochta.

(60 marc)

Ceist 9.

(a) (i) Luaigh **dhá** bhuntáiste le huainíocht na mbarr.
(ii) Liostaigh **trí** mhodh chun fiailí a shrianadh i mbarra curaíochta.
(iii) Ainmnigh feithid ar lotnaid é ar ghránbharr.
(iv) Cén damáiste a dheineann an lotnaid atá ainmnithe agat ar an mbarr?
(v) Céard é an difear idir luibhicíd roghnaíoch agus luibhicíd iomlán?

(b) (i) Ainmnigh galar fungasach plandaí **agus** ainmnigh an barr a gcuireann sé isteach air.
(ii) Liostaigh **dhá** chomhartha den ghalar sin sa bharr atá ainmnithe agat i gcuid (b) (i).
(iii) Déan cur síos ar mhodh **amháin** leis an ngalar seo a sheachaint.
(iv) Ainmnigh gníomhaíocht thairbheach a chuireann miocrorgánaigh i gcrích san ithir.

(60 marc)

[THALL

Ceist 10.

(a) (i) Ainmnigh **dhá** phór caorach a mbaintear leas astu i dtáirgeadh caorach sléibhe.
(ii) Ainmnigh **dhá** phór caorach a mbaintear leas astu i dtáirgeadh caorach achréidhe.
(iii) Déan cur síos ar na phríomhchleachtais i bhfiontar caorach sléibhe nó i bhfiontar caorach achréidhe.

(b) (i) Tá caoirigh iléastrasach. Céard a chiallaíonn an téarma *iléastrasach*?
(ii) Céard é fad an timthrialla éastrais i gcaoirigh?
(iii) Déan cur síos ar na príomhchéimeanna atá i gceist sa 'phórú as séasúr' chun uain a tháirgeadh le haghaidh mhargadh luath an earraigh.
(iv) Luaigh cóimheas oiriúnach reithe le caora ar cheart leas a bhaint as le haghaidh na cúplála nuair atáthar ag pórú as séasúr.

(c) Is ainmhithe athchogantacha iad caoirigh.
(i) Is léiriú ar an ngoile athchogantach an léaráid thíos. Ainmnigh na codanna a bhfuil na lipéid A, C agus D orthu. Tá an chuid B ainmnithe duit.



(ii) Tá líon mór miocrorgánach i gcuid A.
Céard é príomhfheidhm na miocrorgánach seo?
(iii) Cén fheidhm atá ag cuid C sa léaráid?

(60 marc)

Ceist 11.

(a) Déan cur síos ar shaothrú gránbhairr **ainmnithe** faoi na ceannteidil seo a leanas:

(i) Cineál ithreach
(ii) Cur (síolrú)
(iii) Leasachán
(iv) Baint.

(b) Liostaigh **trí** bhuntáiste le síol deimhnithe a úsáid i saothrú gránbharr.

(c) Déan cur síos ar thurgnamh chun an ráta péactha atá ag sampla síl dheimhnithe a thaispeáint.

(60 marc)

Ceist 12.

Freagair **dhá** chuid ar bith de (a), (b), (c), (d). **(30, 30)**

(a) Is beatha thábhachtach gheimhridh do bheostoc an sadhlas.

(i) Ainmnigh féar **amháin** atá oiriúnach chun sadhlas a tháirgeadh.
(ii) Déan cur síos ar **thrí** nós imeachta i dtáirgeadh sadhlas cairn.
(iii) Luaigh **trí** bhuntáiste le húsáid 'cornaí' i dtáirgeadh sadhlais.

(b) Coimeádtar ainmhithe mairteola faoi dhíon le linn míonna an gheimhridh.

(i) Liostaigh **trí** riachtanas tithíochta do laonna scoite agus iad faoi dhíon le linn a gcéad gheimhreadh.
(ii) Déanann ainmhithe a choimeádtar faoi dhíon sa gheimhreadh fás cúiteach sa samhradh. Mínigh an téarma *fás cúiteach*.
(iii) Luaigh **dhá** thréith chorpartha atá inmhianaithe in ainmhithe mairteola.
(iv) Cén fáth a maraítear an chuid is mó d'ainmhithe mairteola agus iad dhá bhliain d'aois?

(c) Déanann daltaí an Eolaíocht Talmhaíochta staidéar ar struchtúr ginearálta agus ar fheidhmeanna plandaí.

(i) Déan cur síos ar na feidhmeanna atá ag fíochán xiléime **agus** ag fíochán fléim.
(ii) Mínigh an difear idir trasghalú agus trasghluaiseacht.
(iii) Déan cur síos ar thurgnamh chun gluaiseacht uisce i ngas planda a thaispeáint.

(d) Tabhair míniú eolaíoch ar **gach ceann** díobh seo a leanas:

(i) Táirgeadh dé-ocsaíd charbóin (CO_2) i gcorp an ainmhí.
(ii) Tanú crann i dtáirgeadh crann foraoise.
(iii) Taoscadh (lánú) prátaí.
(iv) Síol seamair a chur le meascán síol féir le haghaidh báinsí féaraigh.

(60 marc)

[THALL

Ceist 13.

(a) (i) Cén áit sa chill a bhfaightear crómasóim?
(ii) Cén cineál cilldeighilte a mbíonn laghdú in uimhir na gcrómasóm mar thoradh air?
(iii) Cén téarma a úsáidtear chun cur síos ar líon na gcrómasóm i ngnéaschill?

(b) Luaigh **trí** bhuntáiste a ghabhann le leas a bhaint as cuileanna torthaí (*Drosophila*) i dturgnaimh ghéineolaíochta.

(c) In éanlaith chlóis tá an ailléil do chosa clúmhacha (**C**) ceannasach ar an ailléil do chosa maola (**c**).

Mínigh na téarmaí *ceannasach*; *ailléilí.*

Déan é seo a leanas a chóipeáil i do fhreagarleabhar agus críochnaigh an chrosáil trí na spásanna a chomhlánú chun na gaiméití, na géinitíopaí agus an feinitíopa féideartha a thaispeáint.

Géinitíopaí na mbuntuismitheoirí	(**CC**)	X	(**Cc**)
Na gaiméití a tháirgeann gach tuismitheoir	( )	X	( ) ( )
Géinitíopaí an tsleachta	( )		( )
Feinitíopa an tsleachta	____________________		

(d) (i) Céard é an difear idir tástáil éifeachta agus tástáil sleachta?
(ii) Is teicníc an IS (*AI*) a mbaintear leas as go minic i bpórú eallaigh.
Céard dó a seasann IS (*AI*)?
(iii) Liostaigh **trí** bhuntáiste le leas a bhaint as IS (*AI*) sa phórú.

(60 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán